CINNEADH UIMH. 1/2024 ÓN gCOMHCHOISTE AE-CTC

an 18 Deireadh Fómhair 2024

a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Fhoscríbhinní I agus IIIa a ghabhann le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach [2025/137]

TÁ AN COMHCHOISTE AE-CTC,

Ag féachaint do Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, agus go háirithe Airteagal 15(3), an chéad fhomhír, pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 15(3), an chéad fhomhír, pointe (a), de Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach ('an Coinbhinsiún') ([1]), tá an Comhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún sin chun leasuithe a ghlacadh, trí chinneadh, ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

(2) Leasaíodh Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([2]) trí bhíthin Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/234 ón gCoimisiún ([3]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/235 ón gCoimisiún ([4]). Leagtar síos inti na ceanglais eilimintí sonraí le haghaidh an dearbhaithe maidir le hidirthuras chun na heilimintí coiteanna sonraí a chomhchuibhiú níos fearr le haghaidh faisnéis a mhalartú agus a stóráil idir údaráis chustaim agus idir údaráis chustaim agus oibreoirí eacnamaíocha. Bhí gá le comhchuibhiú cothrománach den sórt sin chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir na córais leictreonacha chustaim a úsáidtear le haghaidh na gcineálacha éagsúla dearbhaithe agus fógra. Tá Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/2446 ar aon dul le hIarscríbhinn A1a a ghabhann le Foscríbhinn IIIa a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus, dá bhrí sin, ba cheart í a leasú dá réir.

(3) Leasaíodh Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([5]) trí bhíthin Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/234 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/235. Leagtar síos inti formáidí agus cóid na n-eilimintí coiteanna sonraí le haghaidh an dearbhaithe maidir le hidirthuras, chun formáidí agus cóid na n-eilimintí coiteanna sonraí a chomhchuibhiú níos fearr le haghaidh faisnéis a stóráil agus faisnéis a mhalartú idir údaráis chustaim, agus idir údaráis chustaim agus oibreoirí eacnamaíocha. Ba ghá comhchuibhiú a dhéanamh ar fhormáidí agus ar chóid na n-eilimintí coiteanna sonraí chun a áirithiú, maidir leis na córais chustaim leictreonacha a úsáidtear le haghaidh na gcineálacha éagsúla dearbhaithe agus fógra, go mbíonn siad idir-inoibritheach nuair a dhéantar na comhcheanglais sonraí a chomhchuibhiú. Tá Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ar aon dul le hIarscríbhinn A1a a ghabhann le Foscríbhinn IIIa a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus, dá bhrí sin, ba cheart í a leasú dá réir.

(4) D'fhonn oiriúnú do dhigitiú méadaitheach na nósanna imeachta idirthurais dá dtagraítear i bhFoscríbhinn IIIa a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, agus chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na riachtanais eacnamaíocha atá i réim, ba cheart a cheadú don duine a thíolacann na hearraí ag an oifig custaim imeachta, dála shealbhóir an nós imeachta, doiciméad tionlacain idirthurais a iarraidh ar an oifig custaim imeachta.

([1]) IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/234 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a mhéid a bhaineann le ceanglais choiteanna sonraí, agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/341 a mhéid a bhaineann leis na cóid atá le húsáid i bhfoirmeacha áirithe (IO L 63, 23.2.2021, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/235 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a mhéid a bhaineann le formáidí agus cóid na gceanglas coiteann sonraí, rialacha áirithe i dtaca le faireachas agus leis an oifig inniúil custaim lena gcuirtear earraí faoi nós imeachta custaim (IO L 63, 23.2.2021, lch. 386).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

(5) D'fhonn oiriúnú do dhigitiú méadaitheach na nósanna imeachta idirthurais dá dtagraítear i bhFoscríbhinn IIIa a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na riachtanais eacnamaíocha atá i réim agus chun cur chuige éascaithe ach comhchuibhithe a áirithiú ar fud an Aontais agus sna tíortha comhchoiteanna idirthurais, níor cheart trasloingsithe coimeádán agus aonad iompair idirmhódúil comhchosúil a mheas, faoi choinníollacha áirithe, mar theagmhas a éilíonn idirghabháil chustaim dá dtagraítear in Airteagal 44(1) d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

(6) Déanfar gluaiseacht na n-earraí faoin nós imeachta idirthurais a shimpliú tríd an oibleagáid atá ar na húdaráis chustaim doiciméad tionlacain idirthurais a phriontáil a bhaint tráth imeachta a luaithe a dhéanfar an córas idirthurais ríomhairithe (NCTS) nua a uasghrádú go leagan 5. Ní gá an doiciméad tionlacain idirthurais a phriontáil ansin ach amháin arna iarraidh sin do shealbhóir an nós imeachta. Ag an oifig custaim idirthurais agus ag an oifig custaim chinn scríbe, féadtar uimhir thagartha gluaiseachta a thaispeáint ar mhodh eile seachas ar pháipéar.

(7) Ós rud é gur annamh a chuirtear an nós imeachta leanúnachais gnó i bhfeidhm, is fiú a shonrú nach gá do na húdaráis chustaim na deimhnithe ráthaíochta cuimsitheacha is gá nó na deimhnithe tarscaoilte ráthaíochta a eisiúint ach amháin arna iarraidh sin do shealbhóir an nós imeachta.

(8) Is gá earráid chló atá in Airteagal 111a(1) d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a cheartú.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, an Coinbhinsiún a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach ('an Coinbhinsiún') mar a leanas:

(1) Leasaítear Foscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(2) Leasaítear Foscríbhinn IIIa i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Deireadh Fómhair 2024.

Thar Ceann an Chomhchoiste
An tUachtarán
Matthias PETSCHKE

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún mar a leanas:

(1) San Fhoscríbhinn iomlán agus sna hIarscríbhinní a ghabhann léi, cuirtear tagairtí do 'Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879' in ionad na dtagairtí uile do 'Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/578'.

(2) In Airteagal 3, pointe (d), cuirtear an focal 'a thairgtear' in ionad an téarma 'a chuirtear i gcló'.

(3) In Airteagal 25, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'Ó dhátaí chur chun feidhme uasghrádú an Chórais Nua Ríomhchuidithe Idirthurais ('NCTS') dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879 ón gCoimisiún (*), beidh feidhm ag sonraí agus struchtúr shonraí an dearbhaithe maidir le hidirthuras a leagtar amach in Iarscríbhinn A1a a ghabhann le Foscríbhinn IIIa.

_____

(*) * Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2023 lena mbunaítear an Clár Oibre a bhaineann le forbairt agus cur chun feidhme na gcóras leictreonach dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais 2023/8568 (IO L, 2023/2879, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2879/oj)'.

(4) Leasaítear Airteagal 41 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Soláthróidh an oifig custaim imeachta doiciméad tionlacain idirthurais don dearbhóir, nó don duine a thíolaic na hearraí ag an oifig custaim imeachta, arna iarraidh sin don duine sin. Soláthrófar an doiciméad tionlacain idirthurais trí úsáid a bhaint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn A3 a ghabhann le Foscríbhinn III agus áireofar ann na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn A4 a ghabhann le Foscríbhinn III.';

(b) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Ó dhátaí chur chun feidhme uasghrádú an Chórais Nua Ríomhchuidithe Idirthurais (NCTS) dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879, soláthróidh an oifig custaim imeachta doiciméad tionlacain idirthurais don dearbhóir, nó don duine a thíolaic na hearraí ag an oifig custaim imeachta, arna iarraidh sin don duine sin, arna fhorlíonadh le Liosta míreanna. Beidh an Liosta míreanna ina chuid lárnach den doiciméad tionlacain idirthurais.',

(ii) scriostar an tríú fomhír.

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 42:

'*Airteagal 42*

An doiciméad tionlacain idirthurais nó MRN an dearbhaithe maidir le hidirthuras a thíolacadh

Tíolacfar an doiciméad idirthurais agus MRN an dearbhaithe maidir le hidirthuras nó MRN an dearbhaithe maidir le hidirthuras agus doiciméid eile a ghabhann leis na hearraí i gcás ina bhforordófar iad nó i gcás ina n-éileoidh na húdaráis chustaim amhlaidh.

Go dtí go gcuirfear uasghrádú NCTS chun feidhme dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879, tíolacfar an doiciméad tionlacain idirthurais agus an Liosta míreanna i bhfoirm chlóite.'.

(6) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'*Airteagal 42a*

Modh cumarsáide chun MRN d'oibríocht idirthurais a chur in iúl do na húdaráis chustaim

Is trí theicnící leictreonacha próiseála sonraí amháin a chuirfear MRN an dearbhaithe maidir le hidirthuras faoi bhráid na n-údarás custaim.

I gcás nach féidir an MRN a chur isteach trí theicnící leictreonacha próiseála sonraí, glacfaidh an t-údarás custaim is faighteoir leis an MRN a chur isteach trí bhíthin doiciméad tionlacain idirthurais nó barrachóid agus féadfaidh sé modhanna eile cumarsáide a cheadú chun an MRN a chur isteach.

Go dtí dátaí chur chun feidhme uasghrádú NCTS dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879, cuirfear MRN de dhearbhú maidir le hidirthuras faoi bhráid na n-údarás custaim trí bhíthin doiciméad tionlacain idirthurais.'.

(7) In Airteagal 43, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfar na hearraí mar aon le MRN an dearbhaithe maidir le hidirthuras, i gcomhréir le hAirteagal 42a, a thíolacadh ag gach oifig custaim idirthurais.'.

(8) Leasaítear Airteagal 44 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach tar éis na chéad fhomhíre::

'Sna cásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (c) agus (f), i gcás ina n-iompraítear earraí in aon aonad iompair idirmhódúil amháin, ina n-athraítear an modh iompair gan na hearraí a láimhseáil iad féin agus ina bhfuil uimhir aitheantais uathúil ar an aonad iompair idirmhódúil, ní mheasfar gur teagmhas é an t-athrú sin chun críocha na chéad fhomhíre.

Chun críocha an dara fomhír, is é atá in aonad iompair idirmhódúil, mar shampla, coimeádán, cabhail shoghluaiste nó leathleantóir. Tá feidhm ag an dara fomhír freisin maidir le feithicil luchtaithe a dhéantar í féin a iompar ar chóir ghníomhach iompair.',

(ii) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an tríú fomhír:

'Ó dhátaí chur chun feidhme uasghrádú NCTS dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879, déanfaidh an t-iompróir, gan moill mhíchuí tar éis an teagmhais, na hearraí agus MRN an dearbhaithe maidir le hidirthuras a thíolacadh don údarás custaim is gaire den tír a bhfuil an chóir iompair suite ina críoch dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) go (f).';

(b) i mír 2, an dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'Ó dhátaí chur chun feidhme uasghrádú NCTS dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879, ní cheanglófar ar an iompróir na hearraí agus MRN an dearbhaithe maidir le hidirthuras a thíolacadh don údarás custaim dá dtagraítear i mír 1, ar choinníoll go soláthróidh sealbhóir an nós imeachta nó an t-iompróir thar ceann shealbhóir an nós imeachta faisnéis ábhartha a bhaineann leis an teagmhas don údarás custaim sin sna cásanna seo a leanas:'.

(9) Leasaítear Airteagal 45 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b), an chéad fhomhír:

'(b) MRN an dearbhaithe maidir le hidirthuras i gcomhréir le hAirteagal 42a';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'I gcás ina dtíolactar doiciméad tionlacain idirthurais ar pháipéar don oifig custaim chinn scríbe, coinneoidh an oifig é.'.

(10) In Airteagal 46, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Arna iarraidh sin don duine a thíolacfaidh na hearraí ag an oifig custaim chinn scríbe, formhuineoidh an oifig custaim sin admháil lena ndeimhnítear tíolacadh na n-earraí ag an oifig custaim sin.

Beidh tagairt do MRN an dearbhaithe maidir le hidirthuras san admháil'.

(11) Leasaítear Airteagal 47 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Tabharfaidh an oifig custaim chinn scríbe fógra don oifig custaim imeachta maidir le teacht na n-earraí an lá a thíolactar na hearraí agus MRN an dearbhaithe maidir le hidirthuras i gcomhréir le hAirteagal 45(1).',

(ii) scriostar an dara fomhír;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'I gcás ina gcríochnaíonn oibríocht chomhchoiteann idirthurais in oifig custaim seachas an oifig a dearbhaíodh sa dearbhú maidir le hidirthuras, an oifig custaim a mheastar gurb í an oifig custaim chinn scríbe i gcomhréir le hAirteagal 45(5), tabharfaidh sí fógra faoi theacht na n-earraí don oifig custaim imeachta an lá a thíolactar na hearraí agus MRN an dearbhaithe maidir le hidirthuras i gcomhréir le hAirteagal 45(1).',

(ii) scriostar an dara fomhír.

(12) In Airteagal 79, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ar bhonn an údaraithe agus arna iarraidh sin do shealbhóir an nós imeachta, eiseoidh oifig custaim na ráthaíochta do shealbhóir an nós imeachta ceann amháin nó níos mó de dheimhnithe ráthaíochta cuimsitheacha a tharraingeofar suas agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn C5 a ghabhann le Foscríbhinn III nó ceann amháin nó níos mó de dheimhnithe tarscaoilte ráthaíochta a tharraingeofar suas agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn C6 a ghabhann le Foscríbhinn III chun a chur ar chumas shealbhóir an nós imeachta cruthúnas ar ráthaíocht chuimsitheach nó tarscaoileadh ráthaíochta a sholáthar faoi chuimsiú Airteagal 26(1)(b)'.

(13) In Airteagal 86(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Ó dhátaí chur chun feidhme uasghrádú NCTS dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879, féadfaidh an coinsíneoir údaraithe doiciméad tionlacain idirthurais a phriontáil, ar choinníoll go bhfuair sé an fógra maidir le scaoileadh na n-earraí le haghaidh an nós imeachta chomhchoitinn um earraí faoi bhealach ón oifig custaim imeachta.'.

(14) In Airteagal 111a(1), cuirtear an tagairt do 'Airteagal 57(5)' in ionad na tagartha do 'Airteagal 57(4)'.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Foscríbhinn IIIa a ghabhann leis an gCoinbhinsiún mar a leanas:

(1) San Fhoscríbhinn iomlán agus sna hIarscríbhinní a ghabhann léi, cuirtear tagairtí do 'Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879' in ionad na dtagairtí uile do 'Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/578'.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn A1a:

'*IARSCRÍBHINN A1a*

CEANGLAIS CHOITEANNA SONRAÍ LE hAGHAIDH DEARBHÚ MAIDIR LE hIDIRTHURAS

Beidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo amhail ó dhátaí chur chun feidhme uasghrádú NCTS dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879, nó aon nuashonrú ar an gcinneadh sin ina dhiaidh sin, seachas na forálacha maidir le heilimintí sonraí a bhaineann le doiciméad iompair leictreonach mar dhearbhú maidir le hidirthuras dá dtagraítear in Airteagal 55(1)(h) d'Fhoscríbhinn I, ag a mbeidh feidhm ón 1 Bealtaine 2018 ar a dhéanaí.

TEIDEAL I

CEANGLAIS SONRAÍ

CAIBIDIL I

Réamhnótaí a ghabhann leis an tábla ceanglas sonraí

(1) Maidir leis na heilimintí sonraí, formáidí, agus cóid, agus, más infheidhme, struchtúr na n-eilimintí sonraí, mar a shainítear san Iarscríbhinn seo, beidh feidhm acu i dtaca le dearbhuithe maidir le hidirthuras a dhéantar trí theicníc leictreonach próiseála sonraí agus maidir le dearbhuithe páipéarbhunaithe freisin.

(2) Na heilimintí sonraí a fhéadfar a sholáthar le haghaidh gach nós imeachta idirthurais, leagtar amach iad sa tábla ceanglas sonraí i dTeideal II. Na forálacha sonracha maidir le gach eilimint sonraí mar a leagtar amach iad i dTeideal III, tá feidhm acu gan dochar do stádas na n-eilimintí sonraí mar a shainítear sa tábla ceanglas sonraí é.

Liostaítear na heilimintí sonraí in ord a n-uimhreach eiliminte sonraí.

(3) Na siombailí 'A', 'B' ná 'C' sa tábla i dTeideal II, níl aon tionchar acu ar an bhfíric nach mbailítear sonraí áirithe ach amháin nuair a éilítear sin de bharr cúinsí. Mar shampla, ní bhaileofar an E.S. 18 09 057 000 cód Ainmníochta Comhcheangailte (stádas 'A') ach amháin i gcás ina gceanglaítear é sin le reachtaíocht na bPáirtithe Conarthacha.

Féadfar iad a chomhlánú le coinníollacha nó soiléirithe a liostaítear sna nótaí uimhrithe i gceangal leis na ceanglais sonraí i dTeideal II, i gCaibidil II, agus sna nótaí a ghabhann le Teideal III.

(4) Gan difear ar bith a dhéanamh do na hoibleagáidí sonraí a sholáthar i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo agus gan dochar d'Airteagal 29 d'Fhoscríbhinn I, ábhar na sonraí a sholáthar don lucht custaim le haghaidh ceanglas sonraí ar leith, bunófar é ar an bhfaisnéis de réir mar is eol don oibreoir eacnamaíoch a sholáthraíonn í an tráth a sholáthraítear don Lucht Custaim í.

(5) Nuair is i bhfoirm cód atá an fhaisnéis i ndearbhú maidir le hidirthuras a ndéileáiltear leis san Iarscríbhinn seo, déanfar an liosta cód dá bhforáiltear i dTeideal III nó i gcóid náisiúnta, i gcás ina bhfuil foráil déanta maidir leis sin, a chur i bhfeidhm.

(6) Is féidir leis na tíortha cóid náisiúnta a úsáid le haghaidh eilimintí sonraí: 12 01 000 000 Doiciméad roimhe (fo-eilimint 12 01 002 000 Cineál agus fo-eilimint 12 01 005 000 Aonad tomhais agus cáilitheoir), 12 02 000 000 Faisnéis bhreise (fo-eilimint 12 02 008 000 Cód), 12 03 000 000 Doiciméad tacaíochta (fo-eilimintí 12 03 002 000 Cineál), 12 04 000 000 Tagairt bhreise (fo-eilimint 12 04 002 000 Cineál), deimhnithe agus údaruithe.

Maidir le Ballstáit an Aontais Eorpaigh, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi liosta na gcód náisiúnta a úsáidtear le haghaidh na n-eilimintí sonraí sin. Foilseoidh an Coimisiún liosta na gcód sin.

(7) Bunuimhreachtaí uasta do gach nós imeachta idirthurais:

D	1x
MC	1x (in aghaidh an cheanntáisc dearbhaithe)
HC	999x (in aghaidh MC le haghaidh idirthurais)
HI	9,999x (in aghaidh HC)

(8) Úsáidtear na tagairtí seo a leanas do liostaí cód a shainítear i gcaighdeáin idirnáisiúnta nó i ngníomhartha dlíthiúla na bPáirtithe Conarthacha:

	Ainm gearr	Foinse	Sainmhíniú
1.	Cód an Chineáil Pacáiste	Moladh NA/ECE 21	Cód an Chineáil Pacáiste mar a shainítear sa leagan is déanaí d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Moladh NA/ECE 21
2.	Cód Airgeadra	ISO 4217	Cód aibítreach trí litir a shainítear le Caighdeán Idirnáisiúnta ISO 4217
3.	Cód Tíre	Cód tíre alfa-2 ISO 3166	I gcomhthéacs oibríochtaí idirthurais, úsáidfear cód tíre alfa-2 ISO 3166 agus úsáidfear an cód 'XI' i gcás Thuaisceart Éireann
4.	NA/LOCODE	Moladh NA/ECE Uimh. 16	NA/LOCODE mar a shainítear i Moladh NA/ECE Uimh. 16
6.	Cód na gCineálacha Córa Iompair	Moladh NA/ECE Uimh. 28	Cód na gcineálacha córa iompair mar a shainítear i Moladh NA/ECE Uimh. 28
9.	Cóid CUS	ECICS (an Fardal Eorpach Custam maidir le Substaintí Ceimiceacha)	Uimhir an Aontais Custaim agus Staidrimh (CUS) a shanntar laistigh den Fhardal Eorpach Custam maidir le Substaintí Ceimiceacha (ECICS) do shubstaintí agus ullmhóidí ceimiceacha go príomha.

(9) Maidir leis na cóid a shonraítear i dTeideal III agus atá le fáil i mbunachar sonraí TARIC, déanfar iad a shainiú i gcomhaontú leis na Páirtithe Conarthacha.

CAIBIDIL II

Eochair an tábla

Roinn 1

Ceannteidil na gcolún

Colúin	Dearbhuithe/fógraí/cruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais	Bunús dlí
Uimh. E.S.	An uimhir ordaithe a leithdháileadh ar an eilimint sonraí lena mbaineann.	
Sean-Uimh. Bhosca	Uimhir bhosca in IARSCRÍBHINN B6 a ghabhann le Foscríbhinn III a leagtar síos le Cinneadh Uimh. 1/2008 ó Chomhchoiste AE-CSTE maidir le hidirthuras comhchoiteann an 16 Meitheamh 2008.	

Colúin	Dearbhuithe/fógraí/cruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais	Bunús dlí
Ainm eiliminte sonraí/ aicme sonraí	Ainm na heiliminte sonraí/na haicme sonraí lena mbaineann.	
Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm na fo-eiliminte sonraí/na fo-aicme sonraí lena mbaineann.	
Ainm fo-eiliminte sonraí	Ainm na fo-eiliminte sonraí lena mbaineann	
D1	Dearbhú maidir le hidirthuras.	Airteagail 25 agus 26 d'Fhoscríbhinn I
D2	Dearbhú maidir le hidirthuras lena mbaineann tacar sonraí laghdaithe – (Iompar d'iarnród, d'aer agus ar muir).	Airteagal 55(1)(i) d'Fhoscríbhinn I
D3	Idirthuras – Doiciméad iompair leictreonach a úsáid mar dhearbhú custaim – (Iompar d'aer).	Airteagal 55(1)(h) d'Fhoscríbhinn I
D4	Fógra Tíolactha i ndáil leis an dearbhú réamhthaiscthe maidir le hidirthuras.	Airteagal 29a d'Fhoscríbhinn I
Formáid	Cineál sonraí agus fad sonraí.	
Cóid i dTeideal III	Léirítear leis seo cé acu atá nó nach bhfuil na nótaí comhlántacha maidir leis an bhformáid agus na cóid le fáil i dTeideal III.	

Roinn 2

Ceannteidil na gcolún

Grúpa	Teideal an ghrúpa
Grúpa 11	Faisnéis teachtaireachta (lena n áirítear cóid nós imeachta)
Grúpa 12	Tagairtí teachtaireachtaí, doiciméad, deimhnithe, údaruithe
Grúpa 13	Páirtithe
Grúpa 16	Áiteanna/Tíortha/Réigiúin
Grúpa 17	Oifigí custaim
Grúpa 18	Sainaithint earraí
Grúpa 19	Faisnéis iompair (modhanna, córacha agus trealamh)
Grúpa 99	Eilimintí sonraí eile (sonraí staidrimh, ráthaíochtaí, sonraí a bhaineann le taraifí)

Roinn 3

Siombailí sa cholún 'Dearbhú'

Siombail	Tuairisc ar an tsiombail
A	Éigeantach: sonraí a éilíonn gach tír gan dochar do réamhnóta 3.
B	Roghnach do na tíortha: sonraí a fhéadfaidh na tíortha a chinneadh a tharscaoileadh.
C	Roghnach d'oibreoirí eacnamaíocha: sonraí a fhéadfaidh oibreoirí eacnamaíocha a chinneadh a sholáthar ach nach féidir leis na tíortha a éileamh. I gcás ina gcinnfidh an t-oibreoir eacnamaíoch an fhaisnéis a sholáthar, ní mór na fo-eilimintí ar fad a bhfuil gá leo a dhearbhú.

Siombail	Tuairisc ar an tsiombail
	I gcás ina n-úsáidtear 'C' le haghaidh eilimint sonraí/aicme sonraí beidh na fo-eilimintí sonraí go léir/na fo-aicmí sonraí go léir a bhaineann leis an eilimint sonraí/an aicme sonraí sin éigeantach i gcás ina gcinnfidh dearbhóir an fhaisnéis a sholáthar mura sonraítear a mhalairt i dTeideal II, Caibidil I.
D	Eilimint sonraí a bhfuil gá léi ar leibhéal cheanntásc an dearbhaithe maidir le hidirthuras. Sna heilimintí sonraí ar leibhéal an dearbhaithe tá faisnéis a bhfuil feidhm aici maidir leis an dearbhú iomlán.
MC	Eilimint sonraí a bhfuil gá léi ar leibhéal na Príomhchoinsíneachta. Sna heilimintí sonraí ar leibhéal na Príomhchoinsíneachta tá faisnéis a bhfuil feidhm aici maidir le conradh iompair a d'eisigh iompróir agus páirtí conarthach díreach. Tá an fhaisnéis cheanntáisc sin infheidhme maidir le gach Mír Phríomh-Choinsíneachta i gcás dearbhuithe agus fógraí dá dtagraítear i dTeideal II, Caibidil I.
HC	Eilimint sonraí a bhfuil gá léi ar leibhéal na Coinsíneachta Tí. Sna heilimintí sonraí ar leibhéal na Coinsíneachta Tí tá faisnéis a bhfuil feidhm aici maidir leis an gconradh iompair is ísle a d'eisigh seoltóir lasta, iompróir coiteann nach n-oibríonn soitheach ná aerárthach nó gníomhaire an iompróra sin, nó oibreoir poist. Tá an fhaisnéis cheanntáisc sin infheidhme maidir le gach Mír Coinsíneachta Tí i gcás dearbhuithe agus fógraí dá dtagraítear i dTeideal II, Caibidil I.
HI	Eilimint sonraí a bhfuil gá léi ar leibhéal na Míre Earraí Coinsíneachta Tí. Is fo-leibhéal de chuid leibhéal na Coinsíneachta Tí é leibhéal na Míre Earraí Coinsíneachta Tí. Sna heilimintí sonraí ar leibhéal na Míre Coinsíneachta Tí tá faisnéis a thagann ó shuíomhanna eile sa doiciméad iompair dá dtagraítear sa Choinsíneacht Tí atá i gceist. Tá an Fhaisnéis Mhíre sin infheidhme i gcás dearbhuithe agus fógraí dá dtagraítear i dTeideal II, Caibidil I.
*	Infheidhme ón 21 Eanáir 2025 ar aghaidh
***	Beidh feidhm aige ón 1 Márta 2027 ar aghaidh
°	Ní bheidh feidhm aige ón 21 Eanáir 2025 ar aghaidh
°°°	Ní bheidh feidhm aige ón 1 Márta 2027 ar aghaidh
**^)	Ní mór an bhunuimhreacht le haghaidh an lín séalaí custaim a thuiscint i ndáil leis an trealamh iompair, i.e. 1x in aghaidh an choimeádáin.

Roinn 4

Siombailí sa cholún 'Formáid'

Leis an téarma 'cineál/fad' sa mhíniú ar aitreabúid léirítear na ceanglais maidir leis an gcineál sonraí agus fad na sonraí. Is iad seo a leanas na cóid le haghaidh na gcineálacha sonraí:

a	aibítreach
u	uimhriúil
au	alfa-uimhriúil

Léiríonn an uimhir tar éis an chóid fad inghlactha na sonraí. Baineann an méid a leanas.

Ciallaíonn an dá phonc roghnacha roimh an táscaire maidir le fad nach bhfuil fad seasta ag na sonraí, ach go bhféadfadh suas le líon áirithe digití a bheith aige, mar a shonraítear leis an táscaire faid. Ciallaíonn camóg i bhfad na sonraí gur féidir deachúlacha a bheith san aitreabúid, léiríonn an digit roimh an gcamóg fad iomlán na haitreabúide, léiríonn an digit tar éis na camóige líon uasta na ndigití tar éis an phointe dheachúlaigh.

Samplaí d'fhaid réimse agus formáidí:

a1	1 charachtar aibítreach, fad seasta
u2	2 charachtar uimhriúla, fad seasta
au3	3 charachtar alfa-uimhriúla, fad seasta
a..4	suas le 4 charachtar aibítreacha
u..5	suas le 5 charachtar uimhriúla
au..6	suas le 6 charachtar alfa-uimhriúla
u..7,2	suas le 7 gcarachtar uimhriúla lena n-áirítear 2 dheachúil ar a mhéid, agus treormharcóir ceadaithe ar foluain.

TEIDEAL II

TÁBLA NA gCEANGLAS COITEANN SONRAÍ LE hAGHAIDH DEARBHUITHE MAIDIR LE hIDIRTHURAIS

CAIBIDIL I

Tábla

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
Grúpa 11 – Faisnéis teachtaireachta (lena n-áirítear cóid nós imeachta)														
11 01 000 000	1	cineál dearbhaithe			A	A	A		1x			1x	au..5	T
					D HI	D HI	D HI							
11 02 000 000	Nua	Cineál dearbhaithe bhreise			A	A	A		1x				a1	T
					D	D	D							
11 03 000 000	32	Uimhir míre earraí			A	A						1x	u..5	N
					HI	HI								
11 07 000 000	Nua	Slándáil			A	A			1x				u1	T
					D	D								
11 08 000 000	Nua	Táscaire tacair sonraí laghdaithe			A	A		A	1x				u1	T
					D	D		D						
11 11 000 000	Nua	Uimhir míre earraí an dearbhaithe			A	A		A				1x	u..5	N
					HI	HI		HI						
Grúpa 12 – Tagairtí do theachtaireachtaí, doiciméid, deimhnithe, údaruithe														
12 01 000 000	40	Doiciméad roimhe			A	A	A			9,99-9x	99x	99x		N
					MC HC HI	MC HC HI	MC HC HI							

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
12 01 001 000			Uimhir thagartha		A	A	A			1x	1x	1x	au..70	T
					MC HC HI	MC HC HI	MC HC HI							
12 01 002 000			Cineál		A	A	A			1x	1x	1x	au4	N
					MC HC HI	MC HC HI	MC HC HI							
12 01 003 000			Cineál pacáistí		A	A	A					1x	au..2	N
					HI	HI	HI							
12 01 004 000			Líon pacáistí		A	A	A					1x	u..8	N
					HI	HI	HI							
12 01 005 000			Aonad tomhais agus cáilitheoir		A	A	A					1x	au..4	N
					HI	HI	HI							
12 01 006 000			Cainníocht		A	A	A					1x	u..16,6	N
					HI	HI	HI							
12 01 007 000			Aitheantóir míre earraí°°° Uimhir míre earraí***		A	A	A					1x	u..5	N
					HI	HI	HI							
12 01 079 000			Comhlánú faisnéise		C	C				1x	1x	1x	au..35	N
					MC HC HI	MC HC HI								

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/137/oj

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
12 02 000 000	44	Eolas breise			C	C	C			99x		99x		N
					MC HI	MC HI	MC HI							
12 02 008 000			Cód		A	A	A			1x		1x	au5	T
					MC HI	MC HI	MC HI							
12 02 009 000			Téacs		A	A	A			1x		1x	au..512	N
					MC HI	MC HI	MC HI							
12 03 000 000	44	Doiciméad tacaíochta			A	A	A			99x		99x		N
					MC HI	MC HI	MC HI							
12 03 001 000			Uimhir thagartha		A	A	A			1x		1x	au..70	N
					MC HI	MC HI	MC HI							
12 03 002 000			Cineál		A	A	A			1x		1x	au4	N
					MC HI	MC HI	MC HI							
12 03 013 000			Uimhir míre líne an doiciméid		C	C	C			1x		1x	u..5	N
					MC HI	MC HI	MC HI							
12 03 079 000			Comhlánú faisnéise		C					1x		1x	au..35	N
					MC HI									
12 04 000 000	44 Nua	Tagairt bhreise			A	A	A			99x	99x	99x		N
					MC HC HI	MC HC HI	MC HC HI							

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
12 04 001 000			Uimhir thagartha		C	C	C			1x	1x	1x	au..70	N
					MC HC HI	MC HC HI	MC HC HI							
12 04 002 000			Cineál		A	A	A			1x	1x	1x	au4	T
					MC HC HI	MC HC HI	MC HC HI							
12 05 000 000	44 Nua	Doiciméad iompair			A [8]	A [8]	A [8]			99x	99x			N
					MC HC	MC HC	MC HC							
12 05 001 000			Uimhir thagartha		A	A	A			1x	1x		au..70	N
					MC HC	MC HC	MC HC							
12 05 002 000			Cineál		A	A	A			1x	1x		au4	N
					MC HC	MC HC	MC HC							
12 08 000 000		Uimhir thagartha/TUC			C	C	C			1x	1x	1x	au..35	N
					MC HC HI	MC HC HI	MC HC HI							
12 09 000 000	Nua	An uimhir thagartha áitiúil (LRN)			A	A	A	A	1x				au..22	N
					D	D	D	D						
12 12 000 000	44 Nua	Údarú			A [60]	A [60]	A [60]		9x					N
					D	D	D							
12 12 001 000			Uimhir thagartha		A	A	A		1x				au..35	N
					D	D	D							

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/137/oj

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
12 12 002 000			Cineál		A	A	A		1x				au..4	N
					D	D	D							
Grúpa 13 – Páirtithe														
13 02 000 000	2	Coinsíneoir			C					1x	1x			N
					MC HC									
13 02 016 000			Ainm		A [6]					1x	1x		au..70	N
					MC HC									
13 02 017 000	2(Uimh.)		Uimhir Aitheantais		A					1x	1x		au..17	T
					MC HC									
13 02 018 000			Seoladh		A [6]					1x	1x			N
					MC HC									
13 02 018 019				Sráid agus uimhir	A					1x	1x		au..70	N
					MC HC									
13 02 018 020				Tír	A					1x	1x		a2	N
					MC HC									
13 02 018 021				Cód Poist	A					1x	1x		au..17	N
					MC HC									

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
13 02 018 022				Cathair	A					1x	1x		au..35	N
					MC HC									
13 02 074 000			Teagmhálaí		C					9x	9x			N
					MC HC									
13 02 074 016				Ainm	A					1x	1x		au..70	N
					MC HC									
13 02 074 075				Uimhir theileafóin	A					1x	1x		au..35	N
					MC HC									
13 02 074 076				Seoladh ríomhphoist	C					1x	1x		au..256	N
					MC HC									
13 03 000 000	8	Coinsíní			A	A	A		1x	1x	1x			N
					MC HC HI°	MC HC HI°	MC HC HI°							
13 03 016 000			Ainm		A [6]	A [6]	A [6]			1x	1x		au..70	N
					MC HC HI°	MC HC HI°	MC HC HI°							
13 03 017 000	8 (Uim-h.)		Uimhir Aitheantais		A [8]	A [8]	A [8]			1x	1x		au..17	T
					MC HC HI°	MC HC HI°	MC HC HI°							

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/137/oj

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
13 03 018 000			Seoladh		A [6]	A [6]	A [6]			1x	1x			N
					MC HC HI°	MC HC HI°	MC HC HI°							
13 03 018 019				Sráid agus uimhir	A	A	A			1x	1x	1x	au..70	N
					MC HC HI°	MC HC HI°	MC HC HI°							
13 03 018 020				Tír	A	A	A			1x	1x	1x	a2	T
					MC HC HI°	MC HC HI°	MC HC HI°							
13 03 018 021				Cód Poist	A	A	A			1x	1x	1x	au..17	N
					MC HC HI°	MC HC HI°	MC HC HI°							
13 03 018 022				Cathair	A	A	A			1x	1x	1x	au..35	N
					MC HC HI°	MC HC HI°	MC HC HI°							
13 06 000 000	14	Ionadaí			A	A	A	A	1x					N
					D	D	D	D						
13 06 017 000	4 (uim-h.)		Uimhir Aitheantais		A	A	A	A	1x				au..17	N
					D	D	D	D						
13 06 030 000	14		Stádas		A	A	A	A	1x				u1	T
					D	D	D	D						

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
13 06 074 000			Teagmhálaí		C	C	C	C	9x					N
					D	D	D	D						
13 06 074 016				Ainm	A	A	A	A	1x				au..70	N
					D	D	D	D						
13 06 074 075				Uimhir theileafóin	A	A	A	A	1x				au..35	N
					D	D	D	D						
13 06 074 076				Seoladh ríomhphoist	C	C	C	C	1x				au..256	N
					D	D	D	D						
13 07 000 000	50	Sealbhóir an nós imeachta idirthurais			A	A	A	A	1x					N
					D	D	D	D						
13 07 016 000			Ainm		A [6] [7]	A [6] [7]	A [6] [7]		1x				au..70	N
					D	D	D							
13 07 017 000	50 (uim-h.)		Uimhir Aitheantais		A	A	A	A	1x				au..17	N
					D	D	D	D						
13 07 018 000			Seoladh		A [6] [7]	A [6] [7]	A [6] [7]		1x					N
					D	D	D							
13 07 018 019				Sráid agus uimhir	A	A	A		1x				au..70	N
					D	D	D							
13 07 018 020				Tír	A	A	A		1x				a2	N

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/137/oj

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
	D	D	D											
13 07 018 021				Cód Poist	A	A	A		1x				au..17	N
					D	D	D							
13 07 018 022				Cathair	A	A	A		1x				au..35	N
					D	D	D							
13 07 074 000			Teagmhálaí		C	C	C		1x					N
					D	D	D							
13 07 074 016				Ainm	A	A	A		1x				au..70	N
					D	D	D							
13 07 074 075				Uimhir theileafóin	A	A	A		1x				au..35	N
					D	D	D							
13 07 074 076				Seoladh ríomhphoist	C	C	C		1x				au..256	N
					D	D	D							
13 14 000 000	44	Gníomhaí breise sa slabhra soláthair			C	C	C			99x	99x	99x		N
					MC HC HI	MC HC HI	MC HC HI							
13 14 017 000			Uimhir Aitheantais		A	A	A			1x	1x	1x	au..17	N
					MC HC HI	MC HC HI	MC HC HI							
13 14 031 000			Ról		A	A	A			1x	1x	1x	a..3	T
					MC HC HI	MC HC HI	MC HC HI							
Grúpa 15 – Dátaí/Amanna/Tréimhsí														
15 11 000 000	Nua	Spriocdháta			A [82]	A [82]		A [82]	1x				au..19	N

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
	D	D		D										
Grúpa 16 – Áiteanna/Tíortha/Réigiúin														
16 03 000 000	17a	Tír cinn scríbe			A	A	A			1x	1x*	1x	a2	N
					MC HC HI	MC HC HI	MC HI							
16 06 000 000	15	Tír an tseolta			A	C				1x	1x	1x	a2	N
					MC HC HI	MC HC HI								
16 12 000 000	Nua	Tír ródúcháin na coinsíneachta			A	A				99x				N
					MC	MC								
16 12 020 000			Tír		A	A				1x			a2	T
					MC	MC								
16 13 000 000	27	Áit luchtaithe			A [61]	A [61]	A	A		1x				N
					MC	MC	MC	MC						
16 13 020 000			Tír		A	A	A	A		1x			a2	N
					MC	MC	MC	MC						
16 13 036 000			NA/LOCODE		A	A	A	A		1x			au..17	N
					MC	MC	MC	MC						
16 13 037 000			Suíomh		A	A	A	A		1x			au..35	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 000 000	30	Suíomh earraí			A [61[[75]	A [61[[75]	A [61[[75]			1x			au..35	N
					MC	MC	MC							

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/137/oj

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
16 15 036 000			NA/LOCODE		A	A	A	A		1x			au..17	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 045 000			An cineál suímh		A	A	A	A		1x			a1	T
					MC	MC	MC	MC						
16 15 046 000			Cáilitheoir aitheantais		A	A	A	A		1x			a1	T
					MC	MC	MC	MC						
16 15 047 000			Oifig custaim		A	A	A	A		1x				N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 047 001				Uimhir thagartha	A	A	A	A		1x			au8	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 048 000			GNSS		A	A	A	A		1x				N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 048 049				Domhanleith-ead	A	A	A	A		1x			au..17	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 048 050				Domhanfhad	A	A	A	A		1x			au..17	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 051 000			Oibreoir eacnamaíoch		A	A	A	A		1x				N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 051 017				Uimhir Aitheantais	A	A	A	A		1x			au..17	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 052 000			Uimhir an údaraithe		A	A	A	A		1x			au..35	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 053 000			Aitheantóir breise		A	A	A	A		1x			au..4°°° au..8***	N
					MC	MC	MC	MC						

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
16 15 018 000			Seoladh		A	A	A	A		1x				N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 018 019				Sráid agus uimhir	A	A	A	A		1x			au..70	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 018 020				Tír	A	A	A	A		1x			a2	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 018 021				Cód Poist	A	A	A	A		1x			au..17	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 018 022				Cathair	A	A	A	A		1x			au..35	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 081 000			Seoladh cóid poist		A	A	A	A		1x				N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 081 020				Tír	A	A	A	A		1x			a2	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 081 021				Cód Poist	A	A	A	A		1x			au..17	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 081 025				Uimhir tí	A	A	A	A		1x			au..35	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 074 000			Teagmhálaí		C	C	C	C		9x				N
					MC	MC	MC	MC						

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
16 15 074 016				Ainm	A	A	A	A		1x			au..70	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 074 075				Uimhir theileafóin	A	A	A	A		1x			au..35	N
					MC	MC	MC	MC						
16 15 074 076				Seoladh ríomhphoist	C	C	C	C		1x			au..256	N
					MC	MC	MC	MC						
16 17 000 000	Nua	Cúrsa taistil forordaithe.***			A	A			1x				u1	T
					D	D								
Grúpa 17 – Na hOifigí Custaim														
17 03 000 000	Nua	Oifig custaim imeachta			A	A	A	A	1x					N
					D	D	D	D						
17 03 001 000			Uimhir thagartha		A	A	A	A	1x				au8	N
					D	D	D	D						
17 04 000 000	51	Oifig custaim idirthurais			A	A			9x					N
					D	D								
17 04 001 000			Uimhir thagartha		A	A			1x				au8	N
					D	D								
17 05 000 000	53	Oifig custaim chinn scríbe			A	A	A		1x					N
					D	D	D							
17 05 001 000			Uimhir thagartha		A	A	A		1x				au8	N
					D	D	D							
17 06 000 000		Oifig custaim imeachta le haghaidh idirthurais			A	A			9x					N

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
D	D													
17 06 001 000			Uimhir thagartha		A	A			1x				au8	N
					D	D								
Grúpa 18 – Earraí a shainaithint														
18 01 000 000	38	Glanmhais			A							1x	u..16,6	N
					HI									
18 02 000 000		Aonaid fhorlíontacha°°° Aonad forlíontach***				C						1x	u..16,6	N
						HI								
18 04 000 000	35	Ollmhais			A	A	A			1x	1x	1x	u..16,6	N
					MC HC HI	MC HC HI	MC HC HI							
18 05 000 000	31	Tuairisc ar na hearraí			A	A	A					1x	au..512	N
					HI	HI	HI							
18 06 000 000	Nua	Pacáistíocht			A	A	A					99x		N
					HI	HI								
18 06 003 000	31		Cineál pacáistí		A	A	A					1x	au2	N
					HI	HI	HI							
18 06 004 000	31		Líon pacáistí		A	A	A					1x	u..8	N
					HI	HI	HI							
18 06 054 000	31		Marcanna loingseoir-eachta		A [8]	A [8]	A [8]					1x	au..512	N
					HI	HI	HI							
18 07 000 000		Earraí contúirteacha			C	C						99x		N

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
	HI	HI												
18 07 055 000			Uimhir NA le haghaidh earraí contúirteacha		A	A						1x	au..4	N
					HI	HI								
18 08 000 000	31	Cód CUS			C	C	C					1x	au..512	N
					HI	HI	HI							
18 09 000 000		Cód an tráchtearra			A	A	C					1x		N
					HI	HI	HI							
18 09 056 000	Nua		Cód fo-cheannteidil an Chórais Chomh-chuibhithe *		A	A	A					1x	au6	N
					HI	HI	HI							
18 09 057 000	33		Cód ainmníochta comhcheang-ailte		B	B	C					1x	au2	N
					HI	HI	HI							
Grúpa 19 – Faisnéis iompair (modhanna, córacha agus trealamh)														
19 01 000 000	19	Táscaire coimeádáin			A [61]	A [61]	A	A		1x			u1	T
					MC	MC	MC							
19 02 000 000		Uimhir thagartha an ghléis iompair			B	B		B		9x	9x		au..17	N
					MC	MC		MC						
19 03 000 000	25	Modh iompair ag an teorainn			A [30]	A [30]				1x			u1	T
					MC	MC								
19 04 000 000	26	Modh iompair intíre			B	B		B		1x			u1	T
					MC	MC		MC						

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
19 05 000 000	18(1)	Cóir iompair imeachta			A [34] [35] [36] [61]	A [34] [35] [36] [61]	A [34] [35] [36]	A [34] [35] [36]		999x	999x			N
					MC HC	MC HC	MC HC	MC HC						
19 05 017 000			Uimhir Aitheantais		A	A	A	A		1x	1x		au..35	N
					MC HC	MC HC	MC HC	MC HC						
19 05 061 000			An cineál aitheantais		A	A	A	A		1x	1x		u2	T
					MC HC	MC HC	MC HC	MC HC						
19 05 062 000	18(2)		Náisiúntacht		A	A	A	A		1x	1x		a2	N
					MC HC	MC HC	MC HC	MC HC						
19 07 000 000	Nua	Trealamh iompair			A [61]	A [61]	A	A		9,99-9x				N
					MC	MC	MC	MC						
19 07 044 000			Tagairt earraí		A	A		A		9,99-9x			u..5	N
					MC	MC		MC						

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/137/oj

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
19 07 063 000	31		Uimhir aitheantais coimeádáin		A	A	A	A		1x			au..17	N
					MC	MC	MC	MC						
19 08 000 000	Nua	Cóir iompair ghníomhach ag an teorainn			A [34] [35] [36] [61] [70] [71]	A [34] [35] [36] [61] [70] [71]		A [34] [35] [36] [70] [71]		9x				N
					MC	MC		MC						
19 08 017 000	21(1)		Uimhir Aitheantais		A	A		A		1x			au..35	N
					MC	MC		MC						
19 08 061 000			An cineál aitheantais		A	A		A		1x			u2	T
					MC	MC		MC						
19 08 062 000	21(2)		Náisiúntacht		A	A		A		1x			a2	N
					MC	MC		MC						
19 08 084 000	Nua		Oifig custaim ag an teorainn		A	A		A		1x			au8	N
					MC	MC		MC						
19 10 000 000	D	Séala			A [61]	A [61]	A [65]	A		99x				N
					MC	MC	MC	MC						
19 10 068 000			An líon séalaí custaim		A	A	A	A		1x*^)			u..4	N
					MC	MC	MC	MC						

Uimh. E.S.	Sean-Uimh. Bhosca	Ainm eiliminte sonraí/aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí/ fo-aicme sonraí	Ainm fo-eiliminte sonraí	Dearbhú				Bunuimhreacht				Formáid	Cóid i dTeideal III
					D1	D2	D3	D4	D	MC	HC	HI		
19 10 015 000			Aitheantóir		A	A	A	A		1x			au..20	N
					MC	MC	MC	MC						
Grúpa 99 – Eilimintí sonraí eile (sonraí staidrimh, ráthaíochtaí, sonraí a bhaineann le taraifí)														
99 02 000 000	52	Cineál ráthaíochta			A	A			9x				au1	T
					D	D								
99 03 000 000	52	Tagairt ráthaíochta			A	A			99x					N
					D	D								
99 03 069 000			Uimhir thagartha na ráthaíochta (GRN)		A	A			1x				au..24	N
					D	D								
99 03 070 000			Cód rochtana		A	A			1x				au..4	N
					D	D								
99 03 012 000			Airgeadra		A	A			1x				a3	N
					D	D								
99 03 071 000			Méid le cumhdach		A	A			1x				u..16,2	N
					D	D								
99 04 000 000	Nua	Tagairt shonrach na ráthaíochta			A	A			1x				au..35	N
					D	D								

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/137/oj

CAIBIDIL II

Nótaí

Uimhir an nóta	Tuairisc ar an nóta
[6]	I gcás ina soláthraítear uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (EORI) nó tír chomhchoiteann idirthurais nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír a aithníonn an oifig custaim imeachta, ní sholáthrófar an t-ainm ná an seoladh.
[7]	Níl uimhir aitheantais an nós imeachta idirthurais éigeantach ach amháin i gcásanna nach soláthraítear uimhir EORI nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír a aithníonn an tAontas de chuid an duine lena mbaineann. I gcás ina dtugtar uimhir EORI nó uimhir aitheantais uathúil tríú tír a aithníonn an tAontas, ní thabharfar an t-ainm ná an seoladh.
[8]	Ní sholáthrófar an fhaisnéis sin ach amháin i gcás ina mbeidh sí ar fáil
[30]	Féadfaidh na tíortha an ceanglas sin a tharscaoileadh i gcás modhanna iompair seachas iompar d'iarnród i gcás nach dtrasnaítear teorainn sheachtrach na bPáirtithe Conarthacha le linn na gluaiseachta idirthurais.
[34]	Ná húsáid i gcás coinsíneachtaí poist nó iompar ag suiteálacha seasta iompair.
[35]	I gcás ina n-iompraítear earraí in aonaid iompair idirmhódúla, cuir i gcás coimeádáin, cabhlacha soghluaiste agus leathleantóirí, ach gan a bheith teoranta dóibh siúd, ní gá do shealbhóir an nós imeachta idirthurais an fhaisnéis sin a sholáthar i gcás ina bhféadfaidh an patrún lóistíochta ag an bpointe imeachta cosc a chur ar chéannacht agus ar náisiúntacht na córa iompair a bheith curtha ar fáil tráth a scaoiltear na hearraí le haghaidh idirthurais. Ar na haonaid iompair idirmhódúla beidh uimhreacha uathúla aitheantais agus léirítear na huimhreacha sin in E.S. 19 07 063 000 Uimhir aitheantais coimeádáin.
[36]	Sna cásanna seo a leanas, tarscaoilfidh tíortha an oibleagáid an fhaisnéis sin a chur isteach ar dhearbhú maidir le hidirthuras arna thaisceadh san oifig custaim imeachta i ndáil leis an gcóir iompair ar a ndéantar na hearraí a luchtú go díreach: — i gcás nach féidir an eilimint sonraí sin a sholáthar de bharr an phatrúin lóistíochta agus go bhfuil stádas AEOC san Aontas ag sealbhóir an nós imeachta idirthurais nó stádas den chineál céanna i dtír chomhchoiteann idirthurais, agus i gcás ina bhféadfaidh na húdaráis chustaim an fhaisnéis ábhartha a rianú i gcás ina mbeidh gá leis trí thaifid shealbhóir an nós imeachta idirthurais.
[60]	Tá an eilimint sonraí sin le soláthar i gcás inarb ann d'údarú de réir Airteagal 55 d'Fhoscríbhinn I.
[61]	Tá an eilimint sonraí seo roghnach nuair a chuirtear an dearbhú isteach roimh thíolacadh na n-earraí.
[65]	Ní sholáthrófar an fhaisnéis sin ach amháin nuair a chinneann údarás custaim na hearraí a shéalú.
[70]	Níl cead é a úsáid i gcás nach bhfuil aon oifig custaim idirthurais (E.S. 17 04 000 000) dearbhaithe.
[71]	Ní sholáthrófar an fhaisnéis sin más ionann í agus na córacha iompair Imeachta (E.S. 19 05 000 000).
[75]	Gan a bheith le comhlánú ach amháin i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i reachtaíocht na bPáirtithe Conarthacha.
[82]	Ní sholáthrófar an fhaisnéis sin ach amháin i gcás ina n-úsáidtear coinsíneoir údaraithe le haghaidh an dearbhaithe lena mbaineann

TEIDEAL III

NÓTAÍ AGUS CÓID I nDÁIL LEIS NA CEANGLAIS CHOITEANNA SONRAÍ LE hAGHAIDH DEARBHÚ MAIDIR LE hIDIRTHURAS

Leis an téarma 'cineál/fad' sa mhíniú ar aitreabúid léirítear na ceanglais maidir leis an gcineál sonraí agus fad na sonraí. Is iad seo a leanas na cóid le haghaidh na gcineálacha sonraí.

Grúpa 11 – Faisnéis teachtaireachta (lena n-áirítear cóid nós imeachta)

11 01 000 000 Cineál dearbhaithe

Cuir isteach an cód ábhartha.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Cód	Tuairisc	Tacar sonraí sa tábla ceanglas sonraí i dTeideal II den Iarscríbhinn seo
C	Earraí de chuid an Aontais nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 55(1)(h) d'Fhoscríbhinn I.	D3
T	Coinsíneachtaí measctha lena gcuimsítear earraí atá le cur faoi nós imeachta T1 agus earraí atá le cur faoi nós imeachta idirthurais T2, a chumhdaítear le hAirteagal 28 d'Fhoscríbhinn I.	D1, D2
T1	Earraí nach bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais acu, agus a chuirtear faoin nós imeachta idirthurais.	D1, D2, D3
T2	Earraí a bhfuil stádas custaim earraí de chuid an Aontais acu, agus a chuirtear faoin nós imeachta idirthurais.	D1, D2, D3
T2F	Earraí a bhfuil stádas custaim de chuid an Aontais acu, agus a aistrítear idir cuid de chríoch chustaim an Aontais nach bhfuil feidhm ag forálacha Threoir 2006/112/CE nó Threoir 2008/118/CE maidir léi agus tír chomhchoiteann idirthurais.	D1, D2, D3
TD	Earraí a cuireadh faoi nós imeachta idirthurais cheana i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 55(1)(h) d'Fhoscríbhinn I.	D3
X	Earraí de chuid an Aontais ar ina leith a cuireadh deireadh lena n-onnmhairiú agus a dearbhaíodh a n-imeacht, agus nach gcuirtear faoi nós imeachta idirthurais i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 55(1)(h) d'Fhoscríbhinn I.	D3

11 02 000 000 Cineál dearbhaithe bhreise

Cuir isteach an cód ábhartha.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

A	le haghaidh dearbhú caighdeánach custaim (faoi Airteagail 25 agus 26 d'Fhoscríbhinn I)
D	chun dearbhú caighdeánach custaim a thaisceadh (den sórt sin dá dtagraítear faoi chód A) i gcomhréir le hAirteagal 29a d'Fhoscríbhinn I

11 03 000 000 Uimhir míre earraí

Uimhir na míre atá sa choinsíneacht tí den dearbhú, den dearbhú achomair, den fhógra nó den chruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais. Is uimhir uathúil í an uimhir sin ar fud gach coinsíneachta. Déanfar na míreanna a uimhriú ar bhealach seicheamhach, ag tosú ó '1' i gcás na chéad mhíre agus an t-uimhriú á incrimintiú faoi '1' maidir le gach mír a leanas in aghaidh na coinsíneachta tí.

11 07 000 000 Slándáil

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, léirigh cé acu atá an dearbhú comhcheangailte le Dearbhú imeachta achomair (EXS) nó le Dearbhú iontrála achomair (ENS) i gcomhréir le reachtaíocht na bPáirtithe Conarthacha féin maidir le bearta sábháilteachta agus slándála.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Cód	Tuairisc	Míniú
0	Níl	Níl dearbhú comhcheangailte le Dearbhú imeachta achomair ná le Dearbhú iontrála achomair.
1	ENS	Tá dearbhú comhcheangailte le Dearbhú iontrála achomair.
2	EXS	Tá dearbhú comhcheangailte le Dearbhú imeachta achomair.
3	ENS agus EXS	Tá dearbhú comhcheangailte le Dearbhú imeachta achomair agus le Dearbhú iontrála achomair.

11 08 000 000 Táscaire tacair sonraí laghdaithe

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, léirigh cé acu atá tacar sonraí laghdaithe sa dearbhú nó nach bhfuil.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

0	Níl (Ní dhearbhaítear earraí trí úsáid a bhaint as tacar sonraí laghdaithe)
1	Tá (Dearbhaítear earraí trí úsáid a bhaint as tacar sonraí laghdaithe)

11 11 000 000 Uimhir míre earraí an dearbhaithe

Gach colún ábhartha den tábla ceanglas sonraí a úsáidtear:

Is uimhir uathúil í an uimhir sin ar fud an dearbhaithe. Déanfar na míreanna a uimhriú ar bhealach seicheamhach, ag tosú ó '1' i gcás na chéad mhíre agus an t-uimhriú á incrimintiú faoi '1' maidir le gach mír a leanas.

Grúpa 12 – Tagairtí do theachtaireachtaí, doiciméid, deimhnithe, údaruithe

12 01 000 000 Doiciméad roimhe

Sonraigh na mionsonraí a bhaineann leis an doiciméad roimhe sin.

I gcás na mBallstát den Aontas Eorpach – Cuir isteach na sonraí a bhaineann le díscríobh na n-earraí a dearbhaíodh sa dearbhú lena mbaineann, i ndáil le deireadh a chur leis an stóráil shealadach. Áireofar ar na mionsonraí sin an chainníocht díscríofa agus an t-aonad tomhais lena mbaineann.

12 01 001 000 Uimhir thagartha

Tabhair an tagairt don stóráil shealadach nó don nós imeachta custaim roimhe sin nó do dhoiciméid chustaim chomhfhreagracha.

I gcás na mBallstát den Aontas Eorpach – má leanann idirthuras an t-onnmhairiú, cuir isteach MRN an dearbhaithe onnmhairiúcháin.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Cuirtear uimhir aitheantais nó tagairt inaitheanta eile an doiciméid isteach in Eilimint Sonraí 12 01 001 000.

I gcás ina dtagraítear do MRN mar dhoiciméad roimhe, beidh an struchtúr a leanas ag an uimhir thagartha:

Réimse	Ábhar	Formáid	Samplaí
1	Dhá dhigit dheireanacha na bliana ar glacadh an dearbhú go foirmiúil (BB)	u2	21
2	Aitheantóir na tíre ina dtaisctear an dearbhú / an fógra (Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3)	a2	RO
3	Aitheantóir uathúil na teachtaireachta de réir bliana agus tíre	au 12	9876AB889012
4	Aitheantóir nós imeachta	a1	B
5	Digit seiceála	au1	1

Réimsí 1 agus 2 mar a mhínítear thuas.

Líonfar réimse 3 isteach le haitheantóir le haghaidh na teachtaireachta lena mbaineann. Is faoi fhreagracht na riarachán náisiúnta an bealach ina n-úsáidtear an réimse sin ach ní mór do gach teachtaireacht a láimhseáiltear le linn bliain amháin laistigh den tír áirithe uimhir uathúil a bheith aici i ndáil leis an nós imeachta lena mbaineann.

Na riaracháin náisiúnta ar mian leo uimhir thagartha na hoifige inniúla custaim a chur san áireamh in MRN, is féidir leo suas leis an gcéad 6 charachtar a úsáid chun í a léiriú.

Líonfar réimse 4 isteach le haitheantóir an nós imeachta mar a shainítear sa tábla thíos.

Líonfar réimse 5 isteach le luach ar digit seiceála é le haghaidh MRN iomlán. Is féidir earráid a bhrath le linn MRN iomlán a ghabháil leis an réimse sin.

Cóid atá le húsáid i réimse 4 Aitheantóir nós imeachta:

Cód	Nós imeachta
A	Onnmhairiú amháin
B	Onnmhairiú agus dearbhú imeachta achomair
C	Dearbhú imeachta achomair amháin
D	Fógra athonnmhairíochta
E	Earraí a sheoladh i ndáil le críocha fioscacha speisialta
J	Dearbhú maidir le hidirthuras amháin
K	Dearbhú maidir le hidirthuras agus dearbhú imeachta achomair
L	Dearbhú maidir le hidirthuras agus dearbhú iontrála achomair

Cód	Nós imeachta
M	Dearbhú maidir le hidirthuras agus dearbhú imeachta achomair agus dearbhú iontrála achomair
P	Cruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais/Lastliosta earraí custaim
R	Dearbhú allmhairiúcháin amháin
S	Dearbhú allmhairiúcháin agus dearbhú iontrála achomair
T	Dearbhú iontrála achomair amháin
U	Dearbhú maidir le stóráil shealadach
V	Earraí a thabhairt isteach i ndáil le críocha fioscacha speisialta
W	Dearbhú maidir le stóráil shealadach agus dearbhú iontrála achomair
Z	Fógra teachta

12 01 002 000 Cineál

Trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha, léirigh an cineál doiciméid atá ann.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Is féidir na cóid a fháil i mbunachar sonraí TARIC.

12 01 003 000 Cineál pacáiste

Cuir isteach an cód lena sonraítear an cineál pacáiste a bhaineann le díscríobh líon na bpacáistí.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Cód an chineáil pacáiste dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 1.

12 01 004 000 Líon pacáistí

Cuir isteach an uimhir ábhartha dhíscríofa pacáistí.

12 01 005 000 Aonad tomhais agus cáilitheoir

Cuir isteach an t-aonad tomhais díscríofa agus cáilitheoir ábhartha.

Seo a leanas na cóid agus a bhformáidí atá le húsáid:

Úsáidfear na haonaid tomhais agus na cáilitheoirí a shainítear in TARIC. I gcás den sórt sin, beidh formáid au..4 ar na haonaid tomhais agus cáilitheoirí, ach ní bheidh formáidí u..4 orthu riamh, is formáid a choimeádtar le haghaidh aonaid tomhais agus cáilitheoirí náisiúnta.

Mura bhfuil aonaid tomhais ná cáilitheoirí den sórt sin ar fáil in TARIC, féadfar aonaid tomhais agus cáilitheoirí náisiúnta a úsáid. Beidh formáid u..4 orthu.

12 01 006 000 Cainníocht

Cuir isteach an chainníocht ábhartha díscríofa.

12 01 007 000 Aitheantóir míre earraí°°° *Uimhir míre earraí****

Cuir isteach uimhir mhíre na n-earraí mar a dearbhaíodh sa Doiciméad roimhe seo.

12 01 079 000 Comhlánú faisnéise

Cuir isteach faisnéis chomhlántach a bhaineann leis an Doiciméad roimhe seo.

Leis an eilimint sonraí seo, cuirtear ar a chumas don oibreoir eacnamaíoch aon fhaisnéis chomhlántach a bhaineann leis an Doiciméad roimhe seo a sholáthar.

12 02 000 000 Eolas breise:

Bain úsáid as an eilimint sonraí seo i ndáil le faisnéis nach sonraítear i reachtaíocht na bPáirtithe Conarthacha an réimse ina gcuirfear isteach í.

12 02 008 000 Cód

Cuir isteach an cód ábhartha, agus, más infheidhme, an cód dá bhforálann an tír lena mbaineann.

Seo a leanas na cóid agus a bhformáidí atá le húsáid:

Úsáidtear cód cúig dhigit chun faisnéis bhreise de chineál custaim a ionchódú:

Cód 0xxxx – Catagóir ghinearálta

Cód 2xxxx – I gcás idirthurais

Úsáidtear na cóid ‘00200’, ‘20100’, ‘20200’ agus ‘20300’ i gcás dearbhuithe páipéarbhunaithe agus leictreonacha maidir le hidirthuras, más infheidhme.

Cód	Bunús dlí	Ábhar	Eolas breise
00200	Iarscríbhinn A1a, Teideal III	Roinnt doiciméad agus páirtithe	‘Éagsúil’
20100	Airteagal 18 den Choinbhinsiún	Onnmhairiú ó Pháirtí Conarthach nó ón Aontas faoi réir srianta	
20200	Airteagal 18 den Choinbhinsiún	Onnmhairiú ó Pháirtí Conarthach nó ón Aontas faoi réir dleachtanna	
20300	Airteagal 18 den Choinbhinsiún	Onnmhairiú	‘Onnmhairiú’

Féadfaidh tíortha cóid náisiúnta a shainiú.

Ní mór an fhormáid a1au4 a bheith ar na cóid náisiúnta.

12 02 009 000 Téacs

Is féidir aon téacs míniúcháin maidir leis an gcód dearbhaithe a sholáthar más gá.

12 03 000 000 Doiciméad tacaíochta

12 03 001 000 Uimhir thagartha

Uimhir aitheantais nó uimhir thagartha i dtaca le doiciméid nó deimhnithe idirnáisiúnta de chuid na bPáirtithe Conarthacha a tugadh ar aird chun tacú leis an dearbhú.

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, cuir isteach na sonraí a éilítear le haon riail shonrach is infheidhme, mar aon le sonraí tagartha na ndoiciméad a tugadh ar aird chun tacú leis an dearbhú.

Uimhir aitheantais nó uimhir thagartha doiciméad náisiúnta nó deimhnithe náisiúnta a tugadh ar aird chun tacú leis an dearbhú.

12 03 002 000 Cineál

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, sonraigh cineál an doiciméid.

Cuir isteach na sonraí a bhaineann le díscríobh na n-earraí a dearbhaíodh sa dearbhú lena mbaineann, i ndáil le ceadúnais agus deimhnithe onnmhairiúcháin agus allmhairiúcháin.

Seo a leanas na cóid agus a bhformáidí atá le húsáid:

Maidir le doiciméid, deimhnithe agus údaruithe idirnáisiúnta de chuid na bPáirtithe Conarthacha a thugtar ar aird chun tacú leis an dearbhú maidir le hidirthuras, ní mór iad a chur isteach san fhormáid a1au3. Tá liosta na ndoiciméad, na ndeimhnithe agus na n-údaruithe, agus a gcóid faoi seach le fáil i mbunachar sonraí TARIC.

Maidir le doiciméid, deimhnithe agus údaruithe náisiúnta a thugtar ar aird chun tacú leis an dearbhú maidir le hidirthuras, ní mór iad a chur isteach san fhormáid u1au3. Seasann na ceithre charachtar do chóid atá bunaithe ar ainmníocht na tíre sin.

12 03 013 000 Uimhir míre líne an doiciméid:

Cuir isteach uimhir sheicheamhach na míre sa doiciméad tacaíochta (e.g. deimhniú, ceadúnas, cead, doiciméad iontrála etc.), a fhreagraíonn don mhír atá i gceist.

12 03 079 000 Comhlánú faisnéise

Cuir isteach faisnéis chomhlántach a bhaineann leis an Doiciméad tacaíochta.

Leis an eilimint sonraí seo, cuirtear ar a chumas don oibreoir eacnamaíoch aon fhaisnéis chomhlántach a bhaineann leis an Doiciméad tacaíochta a sholáthar.

12 04 000 000 Tagairt bhreise

12 04 001 000 Uimhir thagartha

Uimhir thagartha nó uimhir thagartha inaitheanta eile nach gcumhdaítear leis an Doiciméad Tacaíochta, leis an Doiciméad Iompair ná le Faisnéis Bhreise.

12 04 002 000 Cineál

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, cuir isteach na sonraí a éilítear le haon riail shonrach is infheidhme.

Seo a leanas na cóid agus a bhformáidí atá le húsáid:

Ní mór cóid na bPáirtithe Conarthacha le haghaidh Tagairtí Breise a chur isteach san fhormáid a1au3. Tá liosta na dtagairtí breise agus a gcóid faoi seach le fáil i mbunachar sonraí TARIC.

Féadfaidh tíortha cóid náisiúnta a shainiú. Ní mór cóid na dTagairtí Breise náisiúnta a chur isteach san fhormáid u1au3, agus uimhir aitheantais nó tagairt inaitheanta eile ina dhiaidh b'fhéidir. Seasann na ceithre charachtar do chóid atá bunaithe ar ainmníocht na tíre sin.

12 05 000 000 Doiciméad iompair

Áirítear leis an eilimint sonraí seo cineál agus tagairt an doiciméid iompair.

12 05 001 000 Uimhir thagartha

Colún D1 agus D2 sa tábla ceanglas sonraí:

Áirítear san eilimint sonraí sin tagairt don doiciméad nó do na doiciméid iompair lena gcumhdaítear iompar earraí nuair a bhíonn siad faoi bhealach.

Le haghaidh cholún D3:

Áirítear leis an eilimint sonraí seo tagairt don doiciméad iompair a úsáidtear mar dhearbhú maidir le hidirthurais.

12 05 002 000 Cineál

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, sonraigh cineál an doiciméid.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Is féidir na cóid a fháil i mbunachar sonraí TARIC.

12 08 000 000 Uimhir thagartha/TUC

Baineann an iontráil seo leis an uimhir thagartha coinsíneachta uathúil a shann an duine lena mbaineann don choinsíneacht atá i gceist.

D'fhéadfadh sí a bheith i bhfoirm chóid EDC (ISO 15459) nó i bhfoirm choibhéiseach. Soláthraítear léi rochtain ar shonraí tráchtála foluiteacha is díol suime do lucht custaim.

12 09 000 000 An uimhir thagartha áitiúil (LRN)

Úsáidfear an uimhir thagartha áitiúil (LRN). Déanann an dearbhóir é a shainiú agus a leithdháileadh go náisiúnta i gcomhaontú leis na húdaráis inniúla chun gach dearbhú aonair a shainaithint.

12 12 000 000 Údarú

12 12 001 000 Uimhir thagartha

Cuir isteach uimhir thagartha na n-údaruithe uile is gá maidir leis an dearbhú agus leis an bhfógra.

12 12 002 000 Cineál

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, sonraigh cineál an doiciméid.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Is féidir na cóid a fháil i mbunachar sonraí TARIC.

Grúpa 13 – Páirtithe

13 02 000 000 Coinsíneoir

Páirtí a choinsíneoidh earraí mar atá sonraithe sa chonradh iompair ag an bpáirtí atá ag ordú an iompair.

Ní mór an eilimint sin a chur ar fáil nuair nach ionann í agus an dearbhóir.

13 02 016 000 Ainm

Cuir isteach ainm iomlán an pháirtí agus, i gcás inarb infheidhme, foirm dhlíthiúil an pháirtí.

13 02 017 000 Uimhir aitheantais:

Cuir isteach uimhir EORI an choinsíneora nó an uimhir aitheantais trádálaí i dtír chomhchoiteann idirthurais.

I gcás ina ndeonaítear éascuithe faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a aithníonn an Páirtí Conarthach lena mbaineann, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhreach aitheantais uathúla tríú tír a chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Pháirtí Conarthach lena mbaineann. Is féidir an uimhir sin a úsáid aon uair a bheidh sí ar fáil don dearbhóir.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Is mar a leanas atá an struchtúr a ghabhann le huimhir aitheantas uathúil tríú tír a cuireadh ar fáil don Pháirtí Conarthach lena mbaineann:

Réimse	Ábhar	Formáid
1	Cód tíre	a2
2	Uimhir aitheantais uathúil i dtríú tír	au..15

Cód tíre: Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

13 02 018 000 Seoladh:

13 02 018 019 Sráid agus uimhir

Cuir isteach ainm na sráide ar sheoladh an pháirtí agus uimhir an fhoirgnimh nó na saoráide.

13 02 018 020 Tír

Cuir isteach cód na tíre.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

13 02 018 021 Cód Poist:

Cuir isteach an cód poist ábhartha le haghaidh shonraí an tseolta lena mbaineann.

13 02 018 022 Cathair

Cuir isteach ainm na cathrach atá ar sheoladh an pháirtí.

13 02 074 000 Teagmhálaí

13 02 074 016 Ainm

Cuir isteach ainm an duine teagmhála.

13 02 074 075 Uimhir theileafóin

Cuir isteach uimhir theileafóin an duine teagmhála.

13 02 074 076 Seoladh ríomhphoist

Cuir isteach seoladh ríomhphoist an duine teagmhála.

13 03 000 000 Coinsíní

An páirtí a gcoinsínítear earraí chucu iarbhír.

Is féidir an eilimint sonraí seo agus a cuid fo-eilimintí a dhearbhú ar leibhéal na Míre Earraí Coinsíneachta Tí (HI) go dtí go ndéanfaidh na Páirtithe Conarthacha go léir uasghrádú ar NCTS dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879.

13 03 016 000 Ainm

Cuir isteach ainm iomlán an pháirtí agus, i gcás inarb infheidhme, foirm dhlíthiúil an pháirtí.

13 03 017 000 Uimhir Aitheantais

Cuir isteach uimhir EORI nó an uimhir aitheantais trádálaí i dtír chomhchoiteann idirthurais.

I gcás ina ndeonaítear éascuithe faoi chuimsiú clár comhpháirtíochta trádálaithe tríú tír a aithníonn an Páirtí Conarthach lena mbaineann, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith i bhfoirm uimhreach aitheantais uathúla tríú tír a chuir an tríú tír lena mbaineann ar fáil don Pháirtí Conarthach lena mbaineann. Is féidir an uimhir sin a úsáid aon uair a bheidh sí ar fáil don dearbhóir.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Úsáidfear an uimhir aitheantais mar a shainítear le haghaidh E.S. 13 02 017 000 Coinsíneoir/Uimhir aitheantais.

13 03 018 000 Seoladh:

13 03 018 019 Sráid agus uimhir

Cuir isteach ainm na sráide ar sheoladh an pháirtí agus uimhir an fhoirgnimh nó na saoráide.

13 03 018 020 Tír

Cuir isteach cód na tíre.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

I gcás tíortha comhchoiteanna idirthurais - tá cód XI roghnach.

13 03 018 021 Cód Poist

Cuir isteach an cód poist ábhartha le haghaidh shonraí an tseolta lena mbaineann.

13 03 018 022 Cathair:

Cuir isteach ainm na cathrach atá ar sheoladh an pháirtí.

13 06 000 000 Ionadaí

Beidh an fhaisnéis seo ag teastáil, má tá sé difriúil ó E.S. 13 07 000 000 Sealbhóir an nós imeachta idirthurais.

13 06 017 000 Uimhir Aitheantais

Cuir isteach uimhir EORI an duine lena mbaineann nó an uimhir aitheantais trádálaí i dtír chomhchoiteann idirthurais.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Úsáidfear an uimhir aitheantais mar a shainítear le haghaidh E.S. 13 02 017 000 Coinsíneoir/Uimhir aitheantais.

13 06 030 000 Stádas

Cuir isteach an cód ábhartha a léiríonn stádas an ionadaí.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Cuir isteach ceann de na cóid seo a leanas roimh an ainm iomlán chun stádas an ionadaí a ainmniú:

2	Ionadaíocht dhíreach (gníomhaíonn an t-ionadaí custaim in ainm agus thar ceann duine eile)
3	Ionadaíocht indíreach (gníomhaíonn an t-ionadaí custaim ina ainm nó ina hainm féin, ach thar ceann duine eile)

Tá cód 3 neamhábhartha maidir le nósanna imeachta idirthurais custaim.

13 06 074 000 Teagmhálaí:

13 06 074 016 Ainm

Cuir isteach ainm an duine teagmhála.

13 06 074 075 Uimhir theileafóin

Cuir isteach uimhir theileafóin an duine teagmhála.

13 06 074 076 Seoladh ríomhphoist

Cuir isteach seoladh ríomhphoist an duine teagmhála.

13 07 000 000 Sealbhóir an nós imeachta idirthurais:

13 07 016 000 Ainm:

Cuir isteach ainm iomlán (duine nó cuideachta) agus seoladh shealbhóir an nós imeachta idirthurais. I gcás inarb iomchuí, cuir isteach ainm iomlán (duine nó cuideachta) an ionadaí údaraithe a thaisceann an dearbhú maidir le idirthurais thar ceann shealbhóir an nós imeachta.

13 07 017 000 Uimhir Aitheantais

Cuir isteach uimhir EORI shealbhóir an nós imeachta idirthurais nó an uimhir aitheantais trádálaí i dtír chomhchoiteann idirthurais.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Úsáidfear an uimhir aitheantais mar a shainítear le haghaidh E.S. 13 02 017 000 Coinsíneoir/Uimhir aitheantais.

13 07 018 000 Seoladh:

13 07 018 019 Sráid agus uimhir

Cuir isteach ainm na sráide ar sheoladh an pháirtí agus uimhir an fhoirgnimh nó na saoráide.

13 07 018 020 Tír

Cuir isteach cód na tíre.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

13 07 018 021 Cód Poist

Cuir isteach an cód poist ábhartha le haghaidh shonraí an tseolta lena mbaineann.

13 07 018 022 Cathair

Cuir isteach ainm na cathrach atá ar sheoladh an pháirtí.

13 07 074 000 Teagmhálaí:

13 07 074 016 Ainm

Cuir isteach ainm an duine teagmhála.

13 07 074 075 Uimhir theileafóin

Cuir isteach uimhir theileafóin an duine teagmhála.

13 07 074 076 Seoladh ríomhphoist

Cuir isteach seoladh ríomhphoist an duine teagmhála.

13 14 000 000 Gníomhaí breise sa slabhra soláthair

Is féidir gníomhaithe breise sa slabhra soláthair a léiriú anseo chun a léiriú go raibh an slabhra soláthair cumhdaithe ina iomláine ag oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil stádas AEO acu.

Má úsáidtear an aicme sonraí seo cuirfear an uimhir Róil agus Aitheantais ar fáil, é sin nó beidh an eilimint sonraí seo roghnach.

13 14 017 000 Uimhir Aitheantais

Déanfar uimhir EORI nó an uimhir aitheantais uathúil tríú tír a dhearbhú nuair a shanntar an uimhir sin don pháirtí.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Úsáidfear an uimhir aitheantais mar a shainítear le haghaidh E.S. 13 02 017 000 Coinsíneoir/Uimhir aitheantais.

13 14 031 000 Ról

Cuir isteach an cód róil ábhartha ina sonraítear ról na ngníomhaithe breise sa slabhra soláthair.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Is féidir na páirtithe seo a leanas a dhearbhú:

Cód an Róil	Páirtí	Tuairisc
CS	Comhdhlúiteoir lastais	Seoltóir lasta a chomhcheanglaíonn coinsíneachtaí aonair beaga ina gcoinsíneacht aonair mhór amháin (le linn próiseas comhdhlúthaithe) a chuirtear ar aghaidh chuig contrapháirtí a dhéanann a mhalairt de ghníomhaíocht an chomhdhlúiteora agus a roinneann an choinsíneacht chomhdhlúite ina comhpháirteanna bunaidh
FW	Seoltóir Lasta	An páirtí a chuireann earraí ar aghaidh
MF	Monaróir	An páirtí a mhonaraíonn earraí
WH	Coimeádaí Trádstórais	An páirtí a ghlacann freagracht as earraí a thugtar isteach i dtrádstóras

Grúpa 15 – Dátaí/Amanna/Tréimhsí

15 11 000 000 Spriocdháta

Gach colún ábhartha den tábla ceanglas sonraí a úsáidtear:

An dáta a dhéanfar na hearraí a thíolacadh ag an oifig custaim chinn scríbe.

Grúpa 16 – Áiteanna/Tíortha/Réigiúin

16 03 000 000 Tír cinn scríbe

Trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha, cuir isteach tír cinn scríbe dheireanach na n-earraí.

Sainmhínítear an tír cinn scríbe dheireanach a bhfuil eolas uirthi mar an tír dheireanach faoina a bhfuiltear ar an eolas a bhfuil na hearraí le seachadadh chuici, tráth a scaoiltear isteach sa nós imeachta custaim iad.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

I gcás tíortha comhchoiteanna idirthurais - tá cód XI roghnach.

16 06 000 000 Tír an tseolta

Trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha, cuir isteach an tír óna seoltar na hearraí/óna n-onnmhairítear iad nó an tír inar cuireadh tús leis an ngluaiseacht idirthurais agus inar gcuireadh isteach an dearbhú maidir le hidirthuras.***

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

16 12 000 000 Tír ródúcháin na coinsíneachta

Éilítear an eilimint sonraí seo nuair a shainíonn an oifig custaim imeachta cúrsa taistil forordaithe (féach 16 17 000 000 Cúrsa taistil forordaithe). ***

Na tíortha a shainaithint in ord croineolaíoch ar tíortha iad trína ndéantar na hearraí a ródú idir an tír imeachta agus an tír cinn scríbe. Cuimsíonn sé sin freisin tíortha imeachta agus tíortha cinn scríbe na n-earraí.

16 12 020 000 Tír

Cuir isteach an cód tíre nó na cóid tíre ábhartha i seicheamh ceart de réir ródú na coinsíneachta.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

16 13 000 000 Áit luchtaithe

Aitheantas an chalafoirt, an aerfoirt, an chríochfoirt lasta, an stáisiúin traenach nó na háite eile inar luchtaíodh na hearraí ar an gcóir iompair a úsáidtear dá n-iompar, lena n-áirítear an tír ina bhfuil sé suite. I gcás ina mbíonn sí ar fáil, soláthrófar faisnéis chódaithe le haghaidh an suíomh a shainaithint.

I gcás nach bhfuil aon NA/LOCODE ar fáil don suíomh lena mbaineann, cuirfear ainm na háite isteach i ndiaidh an chóid tíre, agus é sin leis an leibhéal beachtais is airde is féidir.

16 13 020 000 Tír

I gcás nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach cód tíre na háite ina ndéantar na hearraí a luchtú ar an gcóir iompair atá á húsáid chun teorainn an Pháirtí Chonarthaigh a thrasnú.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

I gcás nach bhfuil an áit luchtaithe códaithe i gcomhréir le NA/LOCODE, déantar an tír ina bhfuil an áit luchtaithe lonnaithe a shainaithint leis an gCód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

16 13 036 000 NA/LOCODE

Cuir isteach NA/LOCODE le haghaidh na háite ina ndéantar na hearraí a luchtú ar an gcóir iompair atá á húsáid chun iad a iompar trasna theorainn an Pháirtí Chonarthaigh.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

NA/LOCODE dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 4.

16 13 037 000 Suíomh

I gcás nach bhfuil NA/LOCODE ar fáil, cuir isteach ainm na háite ina ndéantar na hearraí a luchtú ar an gcóir iompair atá á húsáid chun iad a iompar trasna theorainn an Pháirtí Chonarthaigh.

16 15 000 000 Suíomh earraí

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, cuir isteach an suíomh ina bhféadfar na hearraí a scrúdú. Beidh sonraí an tsuímh sin sách beacht chun go mbeidh an lucht custaim in ann rialú fisiceach a dhéanamh ar na hearraí.

Ní úsáidfear ach Cineál suímh amháin an tráth céanna.

16 15 036 000 NA/LOCODE

Úsáid na cóid a shainítear i Liosta Cóid NA/LOCODE de réir Tíre.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

NA/LOCODE dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 4.

16 15 045 000 An cineál suímh

Cuir isteach an cód ábhartha atá sonraithe le haghaidh cineál suímh.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

I gcás cineál suímh, bain úsáid as na cóid a shonraítear thíos:

A	Suíomh ainmnithe
B	Áit údaraithe
C	Áit fhormheasta
D	Eile

16 15 046 000 Cáilitheoir aitheantais

Cuir isteach an cód ábhartha chun an suíomh a shainaithint. Ar bhonn an cháilitheora a úsáidtear, ní sholáthrófar ach an t-aitheantóir ábhartha.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Chun an suíomh a shainaithint, bain úsáid as ceann de na haitheantóirí thíos:

Cáilitheoir	Aitheantóir	Tuairisc
T	Seoladh cóid poist	Bain úsáid as an gcód poist le huimhir an tí nó gan uimhir an tí le haghaidh an tsuímh lena mbaineann.
U	NA/LOCODE	NA/LOCODE dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 4.
V	Aitheantóir na hoifige custaim	Bain úsáid as na cóid a shonraítear faoi E.S. 17 05 001 000 Oifig custaim chinn scríbe/Uimhir thagartha.
W	Comhordanáidí GNSS	Céimeanna deachúla le huimhreacha diúltacha le haghaidh an Deiscirt agus an Iarthair. Samplaí: 44.424896°/8.774792° nó 50.838068°/ 4.381508°

Cáilitheoir	Aitheantóir	Tuairisc
X	Uimhir EORI	Úsáidfear an uimhir aitheantais mar a shainítear le haghaidh E.S. 13 02 017 000 Coinsíneoir/Uimhir aitheantais. I gcás ina mbíonn níos mó ná áitreabh amháin ag an oibreoir eacnamaíoch, líonfar isteach an uimhir le haitheantóir atá uathúil don suíomh lena mbaineann.
T	Uimhir an údaraithe	Cuir isteach uimhir údaraithe an tsuímh lena mbaineann, i.e. údarú don stádas mar choinsíneoir údaraithe. I gcás ina mbaineann an t-údarú le níos mó ná áitreabh amháin, líonfar isteach an uimhir údaraithe le haitheantóir atá uathúil don suíomh lena mbaineann.
Z	Seoladh	Cuir isteach seoladh an tsuímh lena mbaineann.

I gcás ina n-úsáidtear cód 'X' (uimhir EORI) nó cód 'Y' (uimhir údaraithe) chun an suíomh a shainaithint, agus ina bhfuil roinnt suíomhanna bainteach leis an uimhir EORI nó leis an uimhir údaraithe lena mbaineann, is féidir aitheantóir breise a úsáid chun a bheith in ann an suíomh a shainaithint go cinnte.

16 15 047 000 Oifig custaim

Cuir isteach cód ábhartha na hoifige custaim i gcás ina bhfuil earraí ar fáil le haghaidh tuilleadh rialaithe custaim.

16 15 047 001 Uimhir thagartha

Trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha, cuir isteach uimhir thagartha na hoifige custaim ina bhfuil na hearraí ar fáil le haghaidh tuilleadh rialaithe custaim.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Leanfaidh aitheantóir na hoifige custaim an struchtúr a shainítear le haghaidh E.S. 17 05 001 000 Oifig custaim chinn scríbe/Uimhir thagartha.

16 15 048 000 GNSS

Cuir isteach comhordanáidí ábhartha ó Chórais Dhomhanda Loingseoireachta Satailíte (GNSS) i gcás ina bhfuil earraí ar fáil.

16 15 048 049 Domhanleithead

Cuir isteach domhanleithead an tsuímh ina bhfuil na hearraí ar fáil.

16 15 048 050 Domhanfhad

Cuir isteach domhanfhad an tsuímh ina bhfuil na hearraí ar fáil.

16 15 051 000 Oibreoir eacnamaíoch

Bain úsáid as uimhir aitheantais an oibreora eacnamaíoch ar ina áitreabh is féidir na hearraí a rialú.

16 15 051 017 Uimhir Aitheantais

Cuir isteach uimhir EORI nó an uimhir aitheantais trádálaí i dtír chomhchoitinn idirthurais de chuid shealbhóir an údaraithe.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Úsáidfear an uimhir aitheantais mar a shainítear le haghaidh E.S. 13 02 017 000 Coinsíneoir/Uimhir aitheantais.

16 15 052 000 Uimhir an údaraithe

Cuir isteach uimhir an údaraithe don suíomh lena mbaineann.

16 15 053 000 Aitheantóir breise

I gcás roinnt áitreabh, chun gur féidir an suíomh a shonrú ar bhealach níos beaichte i ndáil le EORI, le huimhir aitheantais trádálaí i dtír chomhchoiteann idirthurais nó le húdarú, cuir isteach an cód ábhartha i gcás ina mbeidh sé ar fáil.

16 15 018 000 Seoladh:

16 15 018 019 Sráid agus uimhir

Cuir isteach an tsráid agus an uimhir ábhartha.

16 15 018 020 Tír

Cuir isteach cód na tíre.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

16 15 018 021 Cód Poist

Cuir isteach an cód poist ábhartha le haghaidh shonraí an tseolta lena mbaineann.

16 15 018 022 Cathair

Cuir isteach ainm na cathrach atá ar sheoladh an pháirtí.

16 15 081 000 Seoladh cóid poist

Is féidir an fho-aicme seo a úsáid i gcás inar féidir suíomh na n-earraí a chinneadh tríd an gcód poist arna chomhlánú le huimhir an tí más gá.

16 15 081 020 Tír

Cuir isteach cód na tíre.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3.

16 15 081 021 Cód Poist

Cuir isteach an cód poist ábhartha le haghaidh shuíomh gaolmhar na n-earraí.

16 15 081 025 Uimhir tí

Cuir isteach uimhir an tí le haghaidh shuíomh gaolmhar na n-earraí.

16 15 074 000 Teagmhálaí

16 15 074 016 Ainm

Cuir isteach ainm an duine teagmhála.

16 15 074 075 Uimhir theileafóin

Cuir isteach uimhir theileafóin an duine teagmhála.

16 15 074 076 Seoladh ríomhphoist

Cuir isteach seoladh ríomhphoist an duine teagmhála.

16 17 000 000 Cúrsa taistil forordaithe.***

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, sonraigh cé acu a chuirtear an Cúrsa taistil forordaithe i bhfeidhm nó nach gcuirtear.

Le cúrsa taistil forordaithe sainítear an bealach ar a n-aistreofar na hearraí ón oifig custaim imeachta chuig an oifig custaim chinn scríbe ar feadh cúrsa taistil a bhfuil údar cuí eacnamaíoch leis.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Tugtar na cóid ábhartha thíos:

0	Ní gá earraí a aistriú ón oifig custaim imeachta chuig an oifig custaim chinn scríbe ar feadh cúrsa taistil forordaithe
1	Aistreofar earraí ón oifig custaim imeachta chuig an oifig custaim chinn scríbe ar feadh cúrsa taistil forordaithe

Grúpa 17 – Na hoifigí custaim

17 03 000 000 Oifig custaim imeachta

17 03 001 000 Uimhir thagartha

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, cuir isteach uimhir thagartha na hoifige ina gcuirfear tús leis an oibríocht idirthurais.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Leanfaidh aitheantóir na hoifige custaim an struchtúr a shainítear le haghaidh E.S. 17 05 001 000 Oifig custaim chinn scríbe/Uimhir thagartha.

17 04 000 000 Oifig custaim idirthurais

17 04 001 000 Uimhir thagartha

Cuir isteach an cód don oifig custaim atá beartaithe agus inniúil maidir leis an bpointe iontrála isteach i gcríoch an Pháirtí Chonarthaigh nuair a aistrítear na hearraí faoin nós imeachta idirthurais, nó don oifig custaim atá inniúil maidir leis an bpointe imeachta ó chríoch Páirtí Chonarthaigh nuair a fhágann na hearraí an chríoch sin le linn oibríocht idirthurais trí theorainn idir an Páirtí Conarthach sin agus tríú tír.

Trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha, cuir isteach uimhir thagartha na hoifige custaim lena mbaineann.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Leanfaidh aitheantóir na hoifige custaim an struchtúr a shainítear le haghaidh E.S. 17 05 001 000 Oifig custaim chinn scríbe/Uimhir thagartha.

17 05 000 000	Oifig custaim chinn scríbe
17 05 001 000	Uimhir thagartha

Trí úsáid a bhaint as na cóid ábhartha, cuir isteach uimhir thagartha na hoifige ina gcuirfear deireadh leis an oibríocht idirthurais.

Seo a leanas na cóid agus a bhformáidí atá le húsáid:

Bain úsáid as cóid (au8) a bhfuil struchtúr mar a leanas orthu:

— úsáidtear an chéad dá charachtar (a2) chun an tír a shainaithint trí bhíthin Cód Tíre dá dtagraítear i réamhnóta 8 uimhir 3,

seasann an chéad sé charachtar eile (au6) don oifig lena mbaineann sa tír sin. Moltar an struchtúr seo a leanas a ghlacadh:

Bheadh an chéad trí charachtar (au3) á n-úsáid i gcomhair ainm an tsuímh NA/LOCODE agus bheadh na trí charachtar dheireanacha (au3) á n-úsáid i gcomhair foroinn alfa-uimhriúil náisiúnta. Mura n-úsáidtear an fhoroinn sin, ba cheart na carachtair '000' a chur isteach.

Sampla: BEBRU000: BE = ISO 3166 i gcás na Beilge, BRU = ainm an tsuímh NA/LOCODE le haghaidh chathair an Bruiséile, 000 le haghaidh na foranna nach n-úsáidtear.

17 06 000 000	Oifig custaim imeachta le haghaidh idirthurais
17 06 001 000	Uimhir thagartha

Trí úsáid a bhaint as an gcód ábhartha, cuir isteach uimhir thagartha na hoifige lena mbaineann.

Tá gá leis an eilimint sonraí seo nuair a chomhcheanglaítear an dearbhú maidir le hidirthuras le dearbhú imeachta achomair. Cuir isteach an cód don oifig custaim atá beartaithe i gcás ina bhfágann an t-aistriú idirthurais an limistéar sábháilteachta agus slándála.

I gcás Bhallstáit an Aontais Eorpaigh – níl gá leis an eilimint sonraí seo nuair a chloíonn an t-aistriú idirthurais leis an nós imeachta onnmhairiúcháin.

Is iad seo a leanas na cóid atá le húsáid:

Leanfaidh aitheantóir na hoifige custaim an struchtúr a shainítear le haghaidh E.S. 17 05 001 000 Oifig custaim chinn scríbe/Uimhir thagartha.

Grúpa 18 – Earraí a shainaithint

18 01 000 000	Glanmhais

Cuir isteach glanmhais na n-earraí, arna sloinneadh i gcileagraim, lena mbaineann mír earraí ábhartha an dearbhaithe. Mais na n-earraí gan aon phacáistíocht is ea an ghlanmhais.

I gcás ina n-áirítear codán d'aonad (kg) i nglanmhais atá níos mó ná 1 kg, féadfar í a shlánú ar an mbealach seo a leanas:

ó 0,001 go 0,499: slánú anuas go dtí an kg is gaire;

ó 0,5 go 0,999: slánú aníos go dtí an kg is gaire.

Ba cheart glanmhais is lú ná 1 kg a chur isteach mar '0.' agus líon deachúlacha suas go dtí 6 ar a lorg, agus ba cheart gach '0' ag deireadh na cainníochta a dhíchur (e.g. 0,123 i gcás phacáiste 123 ghram, 0,00304 i gcás phacáiste 3 ghram agus 40 milleagram nó 0,000654 i gcás phacáiste 654 mhilleagram).

18 02 000 000 Aonaid fhorlíontacha°°° Aonad forlíontach***:

I gcás inar gá, cuir isteach cainníocht na míre atá i gceist, arna sloinneadh san aonad a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais, de réir mar a fhoilsítear in TARIC.

18 04 000 000 Ollmhais

Is é atá san ollmhais iomlán meáchan na n-earraí, lena n-áirítear pacáistiú, ach gan trealamh an iompróra le haghaidh an dearbhuithe a áireamh.

I gcás ina n-áirítear codán d'aonad (kg) in ollmhais atá níos mó ná 1 kg, féadfar í a shlánú ar an mbealach seo a leanas:

ó 0,001 go 0,499: slánú anuas go dtí an kg is gaire;

ó 0,5 go 0,999: slánú aníos go dtí an kg is gaire.

